

## **Pá Maireachtála a thabhairt isteach de réir a chéile – Moltaí Léiritheacha**

Tá tiomantas i gClár an Rialtais dul i dtreo pá maireachtála (PM) de réir a chéile.

Ar iarratas ón Tánaiste, rinne an Coimisiún um Pá Íseal roinnt moltaí le déanaí maidir leis an bpá maireachtála a thabhairt isteach de réir a chéile, lena n-áirítear:

- Cur chuige tairsí seasta a ghlacadh chun pá maireachtála a ríomh (seachas Íoschaighdeán Bunriachtanach Maireachtála / cur chuige “ciseán earraí”) agus an tairseach sheasta a shocrú ag 60% den phá meánach sa gheilleagar;
- Dul ar aghaidh go pá maireachtála de 60 % den mheánphá ar fud an gheilleagair trí choigeartú de réir a chéile ar an íosphá thar thréimhse nach faide ná cúig bliana;
- Tar éis 60 % den spriocphá meánach a bhaint amach, faoi réir measúnú ar thionchar an dul chun cinn go dtí an 60 %, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an bpraiticiúlacht eacnamaíoch a bhaineann leis an spriocráta tairsí a mhéadú de réir a chéile i dtreo 66 % den mheánphá.

## **Pá Maireachtála a thabhairt isteach de réir a chéile**


Chun an dóigh a bhféadfaí é seo a thabhairt isteach de réir a chéile a léiriú, dhéanfadh an Coimisiún um Pá Íseal Pá Maireachtála Náisiúnta neamhrechtúil de 60% den mheánphá a ríomh gach bliain agus mholfadh sé Íosphá Náisiúnta (IPN) reachtúil freisin. Dhéanfaí an tÍosphá Náisiúnta reachtúil a mhéadú de réir a chéile thar thréimhse a chomhaontófaí go dtí go sroichfidh sé agus go n-éiríonn sé ina Phá Maireachtála Náisiúnta reachtúil de 60% den phá meánach.

B’ionann pá maireachtála, bunaithe ar 60% de mheánphá gach oibrí in Éirinn in 2020, agus €11.52, thart ar €1.42 nó 14% os cionn Íosphá Náisiúnta 2020 (€10.10).

## **Sampla den Phá Maireachtála a thabhairt isteach de réir a chéile thar thréimhse ceithre bliana**

Agus é á thabhairt isteach de réir a chéile thar thréimhse ceithre bliana (2023 go 2026) agus ag glacadh le meánmhéadú 3% ar an meánphá ainmniúil, b’ionann pá maireachtála, agus é socraithe ag 60% den mheánphá, agus €13.70 in 2026. Is ionann é sin agus méadú de 30.5% ar

an Íosphá Náisiúnta reatha de €10.50 in aghaidh na huairé agus bheadh gá le meánmhéadú bliantúil ar an íosphá de €0.80 (nó 6.85%). Léirítear é seo sa chart seo a leanas:



### Athruithe Riachtanacha ar an Íosphá Náisiúnta chun 60% den Phá Meánach Thar 4 Bliana a Bhaint Amach

(Ag glacadh leis go mbeidh Méadú Bliantúil 3% ar an bPá Meánach go dtí 2026)\*

	2022	2023	2024	2025	2026
Meánphá in aghaidh na hUaire	€20.29	€20.90	€21.53	€22.17	€22.84
Tairseach 60%	€12.17	€12.54	€12.92	€13.30	€13.70
Coigeartú Bliantúil		€0.80	€0.80	€0.80	€0.80
IPN ag dul i dtreo PM	€10.50	€11.30	€12.10	€12.90	€13.70

\* Cairt agus figiúirí tógtha ó Thuarascáil an Choimisiúin um Pá Íseal ar Phá Maireachtála

Is chun críocha léiriúcháin amháin atá na figiúirí seo. Léiríonn siad na coigeartuithe líneacha a bheadh de dhíth le go sroichfeadh an tÍosphá Náisiúnta 60% den phá meánach faoi 2026, faoin toimhde de ráta fáis 3% ar an bpá meánach ainmniúil. Bheadh pá maireachtála, socraithe ag 60% den mheánphá, ag teacht le leibhéal pá ag an am agus feidhmíocht an gheilleagair mhóir

agus an margadh saothair agus bheadh sé ag méadú agus ag laghdú leis an timthriall eacnamaíoch.

Rinneadh meastacháin ar phá meánach a ríomh trí fhigiúr pá mheánaigh 2019 a uasghrádú trí úsáid a bhaint as meastacháin fáis bhliantúla ar an meánphá mar a rinneadh a thuairisciú in eisiúintí “Tuilleamh agus Costais Saothair” na Príomh-Oifige Staidrimh go dtí 2022, agus 3% ina dhiaidh sin.

In ainneoin go léirítear sa sampla thuas coigeartú líneach, moltar (de réir mholtaí an Choimisiúin um Pá Íseal) go mbeadh rogha ann meicníochtaí coigeartaithe a úsáid chun dul chun cinn i dtreo 60% den mheánphá in aghaidh na huaire a dheifriú nó a mhoilliú mar fhreagra ar aon imthosca sonracha a mbíonn tionchar suntasach acu ar dhálaí eacnamaíocha. Ba cheart go mbeadh an rogha seo faoi réir na sprice íosphá de 60% den mheánphá in aghaidh na huaire a bhaint amach thar thréimhse a bheidh le haontú.

### **Pá Maireachtála socraithe ag 60% den mheánphá – na chéad chéimeanna eile**

Nuair a bheidh an 60% den spriocphá meánach bainte amach, bheadh ar an gCoimisiún um Pá Íseal machnamh a dhéanamh ar an spriocráta tairsí a mhéadú de réir a chéile i dtreo 66% den phá meánach.

Dhéanfadh an Coimisiún um Pá Íseal a mhachnamh ar bhogadh den chineál sin ar an acht go léireofaí trí mheasúnú a dhéanamh ar an sprioc 60% a thabhairt isteach de réir a chéile nach mbeadh aon drochthionchar suntasach ar chúrsaí fostaíochta, agus dhéanfaí measúnú freisin ar fhianaise idirnáisiúnta ar thionchar méaduithe os cionn na tairsí 60%.